poilitíocht

An Páipéar Bán agus Poiliticeoirí

Ní ṫiocfaiḋ an Dáil le ċéile go ceann coicíse eile aċ ṫáinig an tSeanad le ċéile Dia Céadaoine seo ċaite agus ḃíodar ag plé Aċt na Talún. Ḃí ráflaí measarṫa tiuḃ fá Ṫeaċ Laiġean faoi toġaċán mór an mí seo ċugainn aċ féadaim a rá naċ ḃfuil bunús leis na ráflaí seo. Cinnte ba é an t-am a ḃ'fearr don Uasal Lemass le dul ċun na tíre, dá mbéaḋ sé ag dul i mbliana ċor ar biṫ. Tá a ċliú agus a ċáil in áirde de ṫairḃe imeaċtaí Ḃéal Feirste agus ní ḃéaḋ faill ag corrṫoġaċán Ċorcaiġ breiṫ air agus ḃ'féidir naċ mbéaḋ faill ag mí-ṡásaṁ na nGaeilgeoirí dul i ḃfeiḋm go leiṫeaḋaċ agus coṁ maiṫ le sin ḃéaḋ an tóġaċán ann roiṁ an ċáinfaisnéis atá de réir dealraiṁ, gaḃáil a ḃeiṫ measara cruaiḋ i mbliana, aċ san am ċéanna measaim naċ mbéiḋ toġaċán ar biṫ an mí seo ċugainn ar an ábar naċ ḃfuil sé i gceist ar ċor ar biṫ go mbéaḋ tóġaċán i mbliana aċ faoi mar adúirt mé roiṁe go gcuirfear siar é go dtí taréis cáinfaisnéise na bliana seo ċugainn agus go ḃfuil ċuile ṡeans go ndéanfar tóġaċán a reaċtáil ag an am ċéanna leis an tóġaċán don Uaċtaránaċt.

'Sé an Páipéar Bán an ċeist mór i gcúrsaí poilitíoċta annseo anois, níos mó arís ná agallaṁ na bPríoṁ Airí i mBéal Feirste. Níl aon dá ṫaoḃ ar an scéal sin taoḃ amuiġ de roinnt beag de "Imeall na Mire" mar a tugtar orṫa ar an dá taoḃ. Tá pobal mór na tíre ar an dá ṫaoḃ den teorainn ana ṡásta ar fad gur glacaḋ an ċéad ċéim ċun cairdeaṁ a ċur ar siúl idir an dá páirt d'Éirinn. Aċ is gnó eile ar fad an Páipéar Bán. Níl Rialtas Fianna Fáil, cé biṫ dáiḋ atá acu leis an Ġaeilge, sásta aon ṡeans a ḟágáil ag Freasúra ar biṫ ċun dul taoḃ na gaoiṫe leoḃa agus iad a ionnsaí de ṫaoḃ na Gaeilge de. Le sé blianta anuas tá siad ag sleaṁnú diaiḋ ar ndiaiḋ as rud ar biṫ ag tarraingt freasaḃra nó ábar mór cainnte de ṫairḃe na Gaeilge de. Sleaṁnaíoḋ as teagasc tré Ġaeilge ins na bun scoltaċa, cúlaíoḋ as teagasc tré Ġaeilge ins na meán scoltaċa, dúnaḋ na coláistí ullṁúċáin, rinneaḋ ar ṡiúl le h-aon ḟiacal ar ṫeagasc fiú táblaí do na naíonáin tré Ġaeilge agus ligeaḋ ċun suain rud ar biṫ a raḃ Fine Gaeil ag tógáil calláin faoi. San am ċéanna is cosúil gur maiṫ le Fianna Fáil ainm na Gaeilge a ċoinneáil go fóill. Is feasaċ dúinn go maiṫ go ḃfuil diagrasóirí Fianna Fáil agus Gaeilge ins an páirtí mar a léiríoḋ ag an Árd Ḟeis agus is eol daofa gur seo an cineál tacadóirí agus oibriṫe is fíre dá ḃfuil acu. Níor maiṫ leo a gcailliúint. Is cinnte gur sifín sa ġaoiṫ a ḃí ag an Uasal Lemass' ag an Árd Ḟeis ins an méid adúirt sé faoi an Ḃéarla. Nuair nár ċuaiġ toil na ndaoine de réir mar a ṁeas sé agus nuair a tóg na Gaeilgeoirí racán tarraingeaḋ siar tapaiḋ go leor é. Rinneaḋ é seo le cuid Gaeilgeoirí ċeannsaiṫe Ḃaile Áṫa Cliaṫ agus ar nóiġe, mar a ḃéifí ag súil leis uaṫa. Ġlac siád leis. Má ḃí cruṫú na putóige ariaṁ ann, ḃí sé ins an Páipéar Bán mar tá sé measarṫa soiléir gurḃ é an rud atá i gceist ins an Páipéar Bán ná an Ġaeilge a úsáid mar an dara teanga saoṫiúlaċta, beagán nó ṁórán mar a ḃí an Ḟraincis i Sasana ar feaḋ tréimse nó mar a ḃí an Laidean i gcuid mór de ṫíorṫa na hEorpa i ḃfad siar.

Tá rud amháin soiléir go maiṫ san Páipéar Bán naċ ḃfuil sé i gceist cumaċtaí an Stáit a úsáid mórán ar aon ċuma ċun an Ġaeilge a ṫaḃairt arais mar ġnáṫteanga. Sé an focal is coitinne frid caibidela na h-aṫḃeoċáine den Páipéar Bán ná an focal 'Gríosófar' agus ár nóiġe is focal é sin naċ gcuireann ceangal ar biṫ ar Rialtas agus naċ féidir le freasúra aon mí-ḃuntáiste a ḃaint as agus, an ceart a ċoiċe, ní féidir an milleán uilig a ċur ar luċt na Stát Ṡeirḃise nó luċt an Rialtais mar fágaḋ an bealaċ seo oscailte daofa ins an Tuarascáil ón Coimisiún an ċéad lá riaṁ agus ní miste a ċuiṁniú go raḃ cúrsaí poilitíoċta i gcónaí ins an tír seo agus i dtíorṫa eile coṁ maiṫ. Ní miste a ċuiṁniú i gcónaí go gcoiméadfar poiliticeóir ina 'easaṁ go díreaċ nuair a ḃíos an méid céanna brú ó gaċ taoḃ agus tá roinnt ṁaiṫ brú i gcoinne na Gaeilge, ar ṗoiliticeoirí ó am go h-am.

Sé taoḃ na Gaeltaċta de an taoḃ naċ ḃfuil le feiceáil ċor ar biṫ san Páipéar Bán. Ní ḃéaḋ aon ḟaitíos roiṁ cáineaḋ freasúra de ṫairḃe an ċuid seo den ġnó. Ḃéaḋ tacaíoċt gaċ páirtí san Dáil ag an Rialtas agus ag Fianna Fáil fá ċoinne polasaí dearḃṫaċ céillí don Ġaeltaċt ⁊ níl fiú dúṫsráiṫe nó coṁarṫa den Polasaí sin ins an Páipéar Bán—cad ċuige? Laisse faire agus leisce agus fallsaċt smaointe is mó is cúis leis. Sin agus coiméadaċt na Stáit Seirḃíse naċ dteastaíonn aon rud nua uaṫa agus naċ dteastaíonn ariaṁ aċ leanúint de rud éigean a ḃí ann roiṁe. Ní ḋéanfaiḋ sé sin aon ṁaiṫeas don Ġaeltaċt ⁊ is ceist ṁór na poiliticeoirí i láṫair na huaire ciacu ṁolfas Fine Gael nó Páirtí Oibreaċais polasaí dearḃṫaċ i leiṫ na Gaeltaċta nuair a ḃéas an Páipéar Bán agus na rudaí atá ag eascair uaiḋ á plé san Dáil.

Ceist eile atá ag déanaṁ imní do ḋaoine i láṫair na huaire ná conus mar atá smaċt ag an Rialtas ar Ġaeilgeoirí Ḃaile Áṫa Cliaṫ. Ḃéifí sáṫas ag dréim leis an Coṁḋáil anois a leiṫéid a ḋéanaṁ aċ tá níos mó ná sin ag déanaṁ tacaíoċt leis an séanaḋ seo agus an sleaṁnú seo ar an Ġaeilge. Is cúl le dúċas ar fad don Ċonnraḋ a leiṫéid seo agus b'aiṫ le mórán daoine go dearn an Coiste Gnóṫa tacaíoċt leis an Páipéar Bán in ainneoin gur aḋṁaiġ siad féin gur tréigint na Gaeltaċta ar fad a ḃí ann. Glacann na teaġlaiġ Gaelaċa leis coṁ maiṫ.

Ceist poilitíoċta anois é an éireóiḋ leis an treoraiṫe ceannsa seo imeasc na nGaeilgeoirí na gnáṫ Gaeilgeoirí a ċoinneáil faoi ċlúid ar fad. Tá gaċ seans go h-éireóiḋ, mar tá mórán mór de na Gaeilgeoirí ag éirí sean anois agus ḃ'féidir go laḃarfaḋ siad uair aṁáin aċ ní ḃéiḋ a ṫuille de ann. Cad faoi na Gaeilgeoirí óga? Ḃfuil spiorad go leor ionnta le gníoṁ a ḋéanaṁ faoi seo? Is deacair a rá.

Agus cad faoi Ġaeilgeoirí Fianna Fáil? Is gnó práinneaċ dóiḃ sin é mar d'féadfaḋ sé go maiṫ go dtitfeaḋ siad idir dá stól má ṫéann an Páipéar Bán frid gan mórán díospóireaċta nó má ṫéann ceaċtar den dá Páirtí eile céim ar aġaiḋ ar Fianna Fáil agus ionnsuí a ḋéanaṁ ar an Páipéar Bán as an ḟaillí atá ḋéanta ann nó an easba pleanála don Ġaeltaċt. Faillí ṫrom ag Árd Ċeannais Ḟianna Fáil nuair a ligeaḋ an documéid seo ċuig na clódóirí an ċéad lá ariaṁ. D'féidir naċ ḃfeicfeaḋ siad é seo i gceann bliana aċ ċuile seans go mbéiḋ sé le feicsint i gceann cúig bliana.

Fearfeasa.

Litir Ṡasana

Dónal Mac Aṁlaiḃ

Fionnán in Arabia

Ḃoil má ḃí an ġeamaireaċt Gaelaċ a taispeánaḋ i nGaoṫ Doḃair le goirid leaṫ, ná fiú an ceaṫrú cuid, coṁ maiṫ agus tá curṫa síos dó ins na páipéirí uilig ní foláir nó go mba ṁaiṫ ab' fiú a ḋul ag breaṫnú air. Caiṫfeaḋ sé gur iontaċ ar fad na buanna tá ag muintir Ġaeltaċta Ṫíre Ċonaill maidir le cúrsaí drámaíoċta agus aiṫrisoireaċta. Tá cáil ar Aisteoirí Ġaoṫ Doḃair ó ċuadar i mbun oibre an ċéad uair aċ dá ḟeaḃas féin iad ḃeidís níos fearr fós, creidim, dá mba rud é naċ gcaiṫfidís a ḃeiṫ de ṡíor ag cailleaḋ aisteoirí de ḃárr na h-imirce. Anois i mbliain seo an Páipéir Ḃáin an ḃféadfaí ag súil go ḃféaċfaiḋ an Rialtas ċuige go mbunófar monarċana agus oibreaċa eile, ní h-aṁáin i nGaoṫ Doḃair aċ i gConamara agus i gCiarraí agus i gcuile áit eile dá mbíonn an Ġaeilge dá labairt ag sean agus óg?

An Páipéar

Agus ós ag caint ar an bPáipéar Bán é, cé naċ mór é mo scil ins na cúrsaí seo, téiġeann glan díom a ṫuisgint cé'n áḋḃar ṡásaiṁ tá ag Coṁḋáil Náisiúnta na Gaeilge ná ag duine ná dream ar biṫ eile.

Coṁ fada agus is léir dom féin is éard tá ann tríd is tríd ná sop in áit na scuaiḃe. Níl tada réaḃlóideaċ ann go ḃfios domsa. Dár liom féin naċ ḃfuil ar intinn ag an Rialtas aċ éaló as a ndualgas sa gcás seo coṁ réiḋ agus is féidir. Ní léir ar ċor ar biṫ go ḃfuil siad lán dáiríre faoin nGaeilge. Céard is fiú seifteanna beaga páistiúla mar deontas an £5 a dúḃailt? An gcoinneóiḋ sé sin oireaḋ agus duine aṁáin ag baile sa nGaeltaċt? Is beag é tuisgint an Rialtais ar 'eacnamaíoċt baile' más ann agus go gceapann siad go gcoinneóiḋ. Ní beartanna beaga bídeaċa mar sin a ṫeastaíonn aċ gníomaíoċt ar scála is mó go mór ná sin. Ní sáḃáilfiḋ cuairteoirí ná an rud ar a dtugtar "tionscal na cuairtíoċta" an Gaeltaċt aċ tá 'ċuile ṡeans go sáḃáilfiḋ fostaíoċt tairḃeaċ lán aimsearaċ den gcineál tá le fáil in áiteaċa eile ar fuaid na hÉireann. Aḃair go ḃfuil fear gnóṫa, nó coṁluċt ġnóṫa ó'n iasaċt sásta monarċan a ḃunú i lár na tíre nó ar imeall Ḃaile Áṫa Cliaṫ. agus obair nuair a d'iarrfaí orra an monarca céanna sin a tóigeáil i gConamara nó i nGaoṫ Doḃair go mbeaḋ mar leiṫscéal acu go ḃfuil na h-áiteaċa sin ró-iargúlta agus go mbeaḋ costas mór ag baint le pé earraí a ḋéanfaí ionnta a ċúirt go calaḋ port ar biṫ lena easportáil. Anois céard a ḃacfaḋ an Rialtas an costas iompair sin a ṡeasaṁ nó a íoc? An aṁlaiḋ go gceapann siad nárḃ fiú é? Ḃ'fearr go mór suim áirṫid a leagaint amaċ ar an mbealaċ sin ná a dá oireaḋ a ċaiṫeaṁ ar ḋeontaisí gasúir. Aċ tríd is tríd sé'n rud is suantasaí faoin méid a foillsíoḋ sna páipéirí den bPáipéar Bán céanna ná a éideimne. Is beag rud go ḃféadfá do ṁéar a leagain air agus a rá go dtiocfaiḋ nó go dtiocfaḋ tairḃe don Ġaeilge as. Seo sompla: "Saol eacnamaíoċta agus soisialta a neartú." Caṫain agus conas? mar adéarfaḋ an Ciarraíoċ. Aċ ní insiṫear é sin dúinn.

Eaċtra an Hamster

A cúig nó a sé de ḃlianta ó ṡoin nuair a ḃí mé féin agus mo ḃean ina gcónaí i 'flat', fuair mé caitín beag amuiġ faoi'n tír lá. Ġaḃ trua don gcréatúirín mé agus rugas abaile liom é tráṫnóna, dár liom go mba coṁluadar don ḃean é ar an gcuid ba luġa de. Ḃoil d'imiġ na míanna ṫairis agus roiṁ deire na bliána sin rug an cat sin ál. Ḃa ḃeag é a ḃfáilte roiṁ na bpisíní beaga seo, níḋ naċ ionaḋ, aċ ar ór ná ar airgead ní ḟéadfainn iad a ḃáṫaḋ mar déantar go h-ionnual ina leiṫéid de ċás. D'ḟásadar go maiṫ agus ḃídís mórṫimpeall an tí i ngaċ áit romat agus fút—ar an staiġre, sa halla, ar ċúl ġaċ dorais istoiġ faoin leaba agus ná fiaraí díom cé'n áit eile. Mar sin féin ní raiḃ an scéal ró-ḋona ċúns naċ mbíoḋ siad ag teaċt sa mbealaċ ar na tionóntaí eile—in íoċtar tí uilig a ḃí sinne agus ḃí clós beag ar ċúl an tí mar a ċodlaíoḋ siad san oíċe i mbairrille beag. Ḃí trí ċinn de flatanna eile ṫuas ós ár gcionn agus ar fea scaṫaimín ḃí ceann aca fallaṁ. Aċ ansin ṫáinig muiriġin Éireannaċ ag cur fúṫa ann agus ba ġearr ann iad nuair a fuair muid amaċ go raiḃ an dearg gráin aca ar ċait. Go fiú an duine ab' óige dena gasúir níor ṫaiṫn na pisiní leo agus am ar biṫ go n-ealaíoḋ ceann aca suas staiġre ruaigtí síos arís ar an bpoinnte boise sin iad. Ní baileaḋ go ndeaċa muid sa scórnaċ ag a ċéile i ngeall ar na cait aċ de réir a ċéile ḃí an t-aiġneas á ṫolgaḋ agus ba ró-léir gur gearr eile go mbeaḋ ina ċogaḋ dearg. Ḃordáil is seaċtain ina ḋiaiḋ seo buaileaḋ an ċéad ḃuille sa gcogaḋ sin — ċeannaiġ an ṁuintir ṫuas beiṫíoċ beag aisteaċ ar a dtugtar Golden Hamster. Don duine naċ ḃfaca aon ċeann dena hamsters céanna seo riaṁ ní furasta a ṡaṁailt cé'n sórt ainṁí é féin agus mar sin féaċfaiḋ mé le gearr-ċúntas ar ḋreaċ an hamster a ṫaḃairt anseo. Tá sé cosúil le coinín agus tá sé cosúil le franncaċ; cloigeann mar ḃeaḋ ar ċoinín air aċ na cluasa gan a ḃeiṫ fada; stuimpín beag de ḋrioḃaill air agus cosa gearra; bíonn sé sórt donnḃuí ina ḋaṫ agus stríocaí bána ann. Is mó é ná an franncaċ aċ is lúġa ná an coinín.

Ar ċuma ar biṫ ḃí an hamster mar ṗeata ag na gasúir sa ḃflat ṫuas agus iad an-ḃrodúil go deo as. Ḃí mar ḃua ag an hamster, ṁaoiġ siad, go dtroidfeaḋ sé an cat ab' ḟearr dár rugaḋ riaṁ agus mar sin ċoṁairliġ siad dúinn gan na cait sin a'ainn féin a ligint ar an staiġre as sin amaċ nó go mba dóiḃ féin ba ṁeasa. Ḋéanfaḋ an hamster droċ-obair díoḃ gan mórán aċ-air dá mba ann agus go gcasfaí air iad.

Ḃí go maiṫ, d'imiġ na seaċtainí ṫairis gan na cait agus an hamster a ċastáil ar a ċéile ⁊ ba ḃeag naċ raiḃ muid féin agus an dream ṫuas ag éirí mór le ċéile arís. An oíċe Saṫairn seo ar ċaoi ar biṫ ḃuail mé féin amaċ síos go dtí an teaċ ósta ba ġiorra dúinn ag ól cúpla ḋeoċ. Nuair a d'ḟill mé ṫart faoin h-aondéag nó mar sin ḃí scéal ċailleaċ an uafáis aici féin dom. Ḃí franncaċ mór millteaċ in ḋiaiḋ a teaċt isteaċ ar an urlár aici cúns ḃí mé féin ag diúgaḋ leanna ṫíos sa "Saracen's Head" — franncaċ nár factas a leiṫéid ariaṁ ċeana ar méid agus ar ḋánaċt, agus a d-íosfaḋ beo beaṫaċ í meireaċ gur ṡeas ceann dena cait sa mbeárna baoil is gur ċuir cogaḋ ar an bfranncaċ. Ṫeiṫ an sean-ċat ba ċosúil, agus furmór a clann meaṫa nuair a ḃ'ṡiúd ċuca an franncaċ; aċ ṡeas ceann aca. Ṫug sé féin agus an franncaċ faoina ċéile agus ṫroideadar go géar ar fea suas is anuas le leaṫ uair, ag stróiceaḋ agus ag ingneaḋ agus ag iṫe a ċéile gan trua gan taise, gan stad gan staonaḋ. Scaití ḃeaḋ an franncaċ in uaċtar agus déarfá naċ ḃféadfaḋ an caitín a ṫeaċt slán as, babṫaí eile is é an cat a ḃeaḋ ag buaċaint agus greim scórnaiġ ar an bfranncaċ aige. Ḃí an sean-ċat agus na cinn eile istiġ faoin leaba i ḃfolaċ (fearaċt ċuid de ṁuintir na tíre seo againn féin aimsir na Tans, más fíor do ċuid eile dár ṁuintir) i gcaiṫeaṁ an ama, gan ċaint ná cuiṁne ag aon duine aca caḃrú lena ḃfear gaoil. Aċ d'éiriġ leis gan buíoċas dóiḃ agus faoi ḋeire ṫiar ṫall d'ḟág sé an franncaċ sínte mín marḃ ar urlár an ṗoṫ-ċistíní taoḃ muiġ. "Tá sé ansin amuiġ a'd agus téiriġ agus ċaiṫ sa 'dustbin' nó in áit eicínt eile é mar naċ ṁaiṫ liom sa breaṫnú air ní áirím teangṁáil leis an rud gránnda," ar sise liom.

"Sound," adeirimse, "déanfaiḋ mé láiṫreaċ é." Aċ mo léan géar deaċraċ nuair a ċuaḋas amaċ ċuig an seomra eile céard d'ḟeicfinn rómam sínte aċ hamster boċt na muintire ṫuas! Ó a ḋiaḃail, arsa mise. Ḃí mé sáinniṫe i gceart anois. Dá gcaiṫfinn sa 'dustbin' é faoi mar a ḃeinn sásta a ḋéanaṁ leis an franncaċ (dá mba franncaċ a ḃeaḋ ann) ḃeaḋ baol ann go ḃfeiċfeaḋ duine de na gasúir ṫuas é agus go dtóigfí raic mar ġeall air. Ní raiḃ de leiġeas ar an scéal aċ a ḋul agus poll a ṫoċailt amuiġ sa ngarraí ar uair ṁarḃ an ṁeáin oíċe nuair a ḃí an líon tí uilig ag-srannaḋ ⁊ an hamster beag calma a ċaiṫeaṁ síos ann. "Not a drum was heard, not a funeral note," mar adeir an dán úd "The Burial of Sir John Moore." Ḃ'aṁlaiḋ leis an hamster é.

Ar fea ċúpla lá ina ḋiaiḋ sin ḃí faitís orm féin go gcuirfí marú an hamster ina leiṫ sinne aċ níor ċuireaḋ. Pé aca an aṁlaiḋ go raiḃ máṫair na ngasúr bréan den ḃeiṫíoċ beag a ḟeiceáil timpeall an tí aici, nó naċ eaḋ, níor airiġ muid ólagón ná mórán ċainte ar biṫ faoin bpeata agus ba ċosúil gur ligeaḋ i ndearmad ar fad é taoḃ istiġ de ṡeaċtain. Ḃa é an trua é muis, arae ar a ċalmaċt mar ṫrodaí ḃí rian éigin ómóis ag dul dó.

Buíoċas

Ní ḃeaḋ sé múinte agam deire a ċur le litir na seaċtaine seo gan tagairt a ḋéanaṁ don méid adúirt an tEagarṫóir fúm ar AMÁRAĊ na seaċtaine seo ċaite. Ṫug sé ró-ṁolaḋ dom, molaḋ naċ raiḃ tuillte tá faitís orm. Aċ tá mé buíoċ dó mar sin féin. Arae dá mbéinn ag obair ó ḋuḃ go duḃ ní ṫiocfaḋ liom an deiċiú ċuid dár rinne seisean ar son na Gaeilge agus ar son na Gaeltaċta a ḋéanaṁ. Nuair a scríoḃfar Stair na hAṫḃeoċána amaċ anseo beiḋ ainm Peadar Uí Ċeallaiġ céim ar aon leis na h-ainmneaċa is cailiúla dá luafar; ar aon ċéim leis an tAṫ. Peadar Ó Laoire, An Duinníneaċ, an tAṫ. Eoin Ó Graṁnaiġ agus na seadairí móra eile sin go léir as uċt a ndian-obair ar son na teangan.

Dónall Mac Aṁlaiġ.

80 Tonna Iasc Iasaċta

Cuireaḋ 80 tonna iasc i dtír i nGaillimh ó tráiléar de ċuid Oileán Faroe, an lasta ba ṁó a cuireaḋ i dtír ó aon tráiléar aṁáin ariaṁ ag an port. Ḃa do stáisiún Ḃord Iascaiġ Ṁara i nGaillimh agus Rainbow Co. Teo. ag Caṫair Saiḋḃín, leaṫ den lasta. Ḃí an tráiléar ar ċeann de na cinn is mó agus is nuaaoisí a ṫáinig go Gaillimh le blianta fada. Tá criú de 30 ann. Ḃí caḃlaċ iascaí Gaillimh agus Árann ar farraige ag iascaireaċt, agus ní raiḃ agóid ar biṫ.

Dúint urlaḃraí ṫar ċeann Ḃord Iascaí Ṁara gur dóiġ go mbeaḋ tuilleaḋ éisc dá ċur i dtír sa dóiġ seo.